# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Online Marking Annotations

| Siombail | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
|  | Líne chorrach cheartingearach | Tá leathanach/roinn gan aon ábhar ón iarrthóir feicthe ag an scrúdaitheoir |
| NR | Gan Freagra | Ní dhearnadh iarracht ar cheist iomlán |
| ✓ | Tic (bán) | Léadh an leathanach agus tá aon ábhar ón iarrthóir measta i dtreo an mhairc a bhronntar don cheist ábhartha |
| ✗ | X | Ábhar mícheart |
| ✓5 | Tic le huimhir | Líon na marcanna bronnta (m.sh. 5 mharc) |
| 0 | Náid | Gan aon mharc bronnta |
| [ ] | Lúibíní cearnógacha | Ábhar curtha san áireamh i ngach aonad forbartha (pointe) i gcás Cheisteanna 11b-16 |
| P1 | P1, P2, P3, P4 | Bronnadh marcanna ar gach ‘aonad forbartha’ (pointe) i gCeisteanna 11b-16 |
| Q | Q | Marc don Cháilíocht Ghinearálta i gCeisteanna 11b-16 |
| → | saighead | Nuair leanann aonad forbartha (pointe) ar aghaidh ar leathanach breise nó forlíontach i gCeisteanna 11b-16 |
| K | K | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Eolais an TST i Roinn B |
| A | A | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Anailíse an TST i Roinn B |
| E | E | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Fianaise an TST i Roinn B |
| OC | OC | An marc a bronnadh ar Thuairiscín Comhleanúnachais Ghinearálta an TST |

# Tuarascáil Staidéir Taighde 2023

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Roinn A**<br>Réasúnaíocht & Cur Chuige<br><br>**(10 marc)** | Rannpháirtíocht shoiléir<br>6 – 10 | | Rannpháirtíocht in easnamh<br>0 – 5 | |
| | • Aidhm an tionscadail leagtha amach<br>• Nasc leis an ábhar a leagtar síos<br>• Achoimre ar chur chuige an taighde agus/nó foinsí<br>****Ní gá leis na trí phointe go léir chun marcanna iomlána a fháil** | | • Iarracht déanta ar an aidhm a leagadh amach, nasc leis an ábhar a leagtar síos, nó tugtar achoimre ar chur chuige an taighde agus/nó foinsí | |
| **Roinn B**<br>Aiste Fhada -<br>*Eolas/ Tuiscint*<br><br>**(20 marc)** | An-Chríochnúil<br>16 – 20 | Críochnúil<br>10 – 15 | Bunúsach<br>5 – 9 | An-Bhunúsach<br>0 – 4 |
| | • Sintéis ar eolas cruinn atá, domhain, leathan, agus a bhaineann go mór leis an ábhar roghnaithe<br>• Tuiscint sár-mhaith ar an ábhar roghnaithe léirithe agus a gcomhthéacs níos leithne laistigh de na Clasaicí | • Achoimre ar eolas cruinn atá domhain **nó** leathan, ach bainteach leis an ábhar roghnaithe in easnamh in amanna.<br>• Tuiscint an-mhaith déanta ar an ábhar roghnaithe. | • Eolas a léiríonn iarrachtaí ar thaighde, ach tá neamhleanúnachas sa chruinneas nó sa bhaint leis an ábhar roghnaithe san áireamh<br>• Tuiscint mhaith déanta ar an ábhar roghnaithe in amanna | • Níl ach eolas cineálach nó fánach a bhaineann leis an ábhar roghnaithe, an t-ábhar a leagtar amach, nó réimse na gClasaicí ann<br>• Níl tuiscint fhoriomlán ar an ábhar roghnaithe curtha in iúl |
| **Roinn B**<br>Aiste Fhada -<br>*Anailís/ Smaoineamh criticiúil*<br><br>**(20 marc)** | An-Chríochnúil<br>16 – 20 | Críochnúil<br>10 – 15 | Bunúsach<br>5 – 9 | An-Bhunúsach<br>0 – 4 |
| | • Pléitear an anailís go stuama le pointí forbartha go láidir<br>• Scileanna smaointeoireachta criticiúla léirithe go sár-mhaith | • Pléitear an anailís go stuama le pointí forbartha<br>• Scileanna smaointeoireachta criticiúla maith nó an-mhaith | • Tá an anailís chineálach agus forbairt in easnamh<br>• Scileanna smaointeoireachta criticiúla léirithe in amanna | • Iarrachtaí déanta ar anailís, ach neamhrathúil den chuid is mó<br>• Ní théann sé i mbun anailíse/smaointeoireachta criticiúla |
| **Roinn B**<br>Aiste Fhada -<br>*Fianaise/ Taighde*<br><br>**(20 marc)** | An-Chríochnúil<br>16 – 20 | Críochnúil<br>10 – 15 | Bunúsach<br>5 – 9 | An-Bhunúsach<br>0 – 4 |
| | • Foinsí ceistithe / scrúdaithe / comhtháthaithe / i bhforbairt na bpointí<br>• Baintear úsáid as foinsí chun argóint/ anailís a thacú | • Foinsí san áireamh mar pháirt de phlé / forbairt na bpointí, más ábhartha | • Tagairt déanta d'fhoinsí san aiste, más cuí | • Foinsí san áireamh sa leabharliosta amháin |

| **Roinn C** Athbhreithniú & Machnamh **(10 marc)** | Rannpháirtíocht shoiléir<br>6 – 10 | Rannpháirtíocht in easnamh<br>0 – 5 |
|---|---|---|
| | • Measúnú an tionscadail<br>• Machnamh déanta ar an tábhacht a bhaineann le taighde / tionscadal<br>• Féinmhachnamh déanta ar thaighde / próiseas scríbhneoireachta<br>****Ní gá leis na trí phointe go léir chun marcanna iomlána a fháil**<br>NB: 10 marc, pointí sonracha a bhaineann leis an tionscadal ag teastáil | • Iarracht déanta le hathbhreithniú a dhéanamh ar thaighde/ próiseas scríbhneoireachta nó machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim |

| **Comhleanúnachas Foriomlán** *Cumarsáid & Struchtúr* **(20 marc)** | An-chomhleanúnach<br>16 – 20 | Comhleanúnach den chuid is mó<br>10 – 15 | Comhleanúnachas in easnamh<br>5 – 9 | Neamh-chomhleanúnach<br>0 – 4 |
|---|---|---|---|---|
| | • Cur i láthair an-mhaith, le struchtúr eagraithe agus cur amach ar theanga atá éasca a leanúint san áireamh, fanann ar phointe agus fanann glan ar athrá.<br>• Aidhm na Tuairisce ar an Staidéar Taighde gnóthaithe den chuid is mó.<br>• Comhlíonann sé an chritéir mar a luaitear san Achoimre TST 2023. | • Léirithe go maith ar an iomlán, le struchtúr agus teanga uileghabhálach atá éasca a leanúint, ach d'fhéadfaí eagarthóireacht a dhéanamh air chun an gcomhleanúnachas foriomlán a fheabhsú.<br>• Aidhm TST gnóthaithe go páirteach<br>• Comhlíonann sé an chritéir mar a luaitear san Achoimre TST 2023. | • Curtha i láthair go maith in amanna, le hiarrachtaí déanta chun struchtúir áirithe agus smaointe uileghabhálach a chur i bhfeidhm.<br>• Níos mó taighde agus dréachtáil ag teastáil chun aidhm an TST a bhaint amach.<br>• Comhlíonann sé an chritéir mar a luaitear san Achoimre TST 2023. | • Curtha i láthair go dona agus struchtúr in easnamh chomh dona sin nach bhfuil aidhm an TST curtha in iúl.<br>• Ní chomhlíonann sé an chritéir mar a luaitear san Achoimre TST 2023. |

**Le tabhairt d'aire an scrúdaitheora:**

- Léigh an Tuarascáil Staidéir Taighde ina hiomlán sula marcálann tú aon rud.
- Bí cúramach gan phionós a ghearradh ar ghiorracht sciliúil, ná gan cúiteamh a thabhairt d'fhad gan údar.

**Céimeanna marcála:**

1) Léigh an Tuarascáil Staidéir Taighde ina hiomlán
2) Léigh agus marcáil an Tuarascáil Staidéir Taighde ina hiomlán: Roinn A, Roinn B, Roinn C agus Comhleanúnachas Foriomlán

| ROINN A | CEISTEANNA SPREAGTHA | 200 MARC |
|---|---|---|

- Is fiú 20 marc gach ceist.

| C | | | Marcanna |
|---|---|---|---|
| 1. | (a) | Ainm an teampaill: an Partanón, **2 mharc**. Suíomh an teampaill: Acrapail, **2 mharc**. | 4 |
| | (b) | Ainm mhiotas1: **2 mharc.** Suíomh ar theampall **1 mharc.**<br>Cuntas ar mhiotas1: **6 mharc.** [Iomlán **6 mharc,** Páirteach **2-5 mharc**] | 9 |
| | | Ainm mhiotas2: **2 mharc.** Suíomh ar theampall **1 mharc.**<br>Cuntas ar mhiotas2: **4 mharc.** [Iomlán **4 mharc,** Páirteach **1-3 mharc**] | 7 |
| | | NB: Ní bhronntar aon mharcanna sa chuntas ar athrá ainm gan mhíniú breise.<br><br><u>Liosta de na miotais chearta</u><br>- Breith Athena<br>- Coimhlint idir Poseidon agus Athena<br>- Cath na Lapitheanna agus na gCeinteár<br>- Amazonomachy<br>- Gigantomachy<br>- Cogadh na Traí | |
| 2. | (a) | Ainmneacha Gréagach agus Rómhánacha gach dé: **6 x 1 mharc.**<br>1: Hermeas, Mearcair<br>2: Séas, Iúpatar<br>3: Poiséadón, Neiptiún | 6 |
| | (b) | Gaol ceart sonraithe go soiléir. **2 mharc**.<br>Bronn 1 mharc má tá an gaol ceart agus fiú má aithnítear dia/déithe mícheart(a)<br>e.g. is é Séas athair Apalló. | 2 |
| | (c) | 3 shraith de shiombailí agus 3 réimse: **6 x 1 mharc.**<br>1: Cadúicéas, cuaráin sciathánacha; taistealaithe, ceannaithe, psychopomp, etc.<br>2: Ríchathaoir, splanc thintrí; spéir, aimsir, rí na ndéithe, etc.<br>3: Trírinn; farraige, capaill, creathanna talún | 6 |
| | (d) | Tuairim tacaithe ag fianaise – trácht láidir amháin le níos mó ná pointe amháin chun a thábhacht a mhíniú **nó** dhá phointe agus iad tacaithe le sonraí nó fíricí.<br>-Is ionann úsáid téarmaí/ méid na bhfíricí sonracha nó na sonraí/ sofaisticiúlacht na dtrácht agus<br>an difríocht idir iomlán agus páirteach.<br>**6 mharc** – Iomlán, **4 mharc** – páirteach, **2 mharc** –bunúsach<br><br><u>Pointí táscacha</u><br>meas ar na déithe/diagacht curtha in iúl; úsáid chreidimh, deochanna ofrála, tairiscintí adhlactha, etc.; go leor daoine neamhliteartha, íomhánna don traidisiún béil, scéalaíocht ag Siompóisiam; an ealaín mar chomhartha maoine / stádais. | 6 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | (a) | Cur síos ciallmhar ar an gcleachtas le tagairt don íomhá.<br>**1 mharc** don téarma: *próitéis/cóiriú an choirp*<br>**1 mharc** do thagairt do shonra ar bith san íomhá<br>**1-4 mharc** do chur síos ar chleachtas bunaithe ar leibhéal na sonraí<br><u>Ábhar táscach</u><br>- duine marbh curtha ar chróchar/ tholg/ leaba i dtaiséadach le ceann ar philiúr<br>- nigh, d'olaigh agus choirigh mná an corp (bonn Charóin)<br>- caointeoiri timpeall an choirp, fir & mná (níos fisicí)<br>- mhair ar feadh 24 uair an chloig ar a laghad<br>* Bronn 2 mharc ar a mhó don chur síos ar rásaí carbaid san íomhá mar chluichí sochraide | 6 |
| | (b) | **6 mharc** - míniú iomlán: 3 phointe ghairid nó dhá phointe forbartha<br>**4 mharc** – páirteach: dhá phointe ghairid nó aon phointe forbartha<br>**2 marcanna** – bunúsach: pointe gairid amháin<br><u>Ábhar táscach</u><br>Dualgas Dlíthiúil<br>Dualgas naofa/ chreidimh<br>Onóir a thabhairt do na mairbh, cion in aghaidh na marbh a bhí i gceist le faillí Ní bhfaigheadh an t-anam aon scíth go ndéanfaí na deasghnátha sochraide a chomhlíonadh.<br>Truailliú deasghnátha don chlann / don cheantar mura gcuirtear<br>Tábhacht do gach duine idir saibhir agus daibhir, tábhacht phoiblí/phobail an deasghnátha chreidimh roinnte.<br>Ról tábhachtach do mhná. | 6 |
| | (c) | Uaigh a mharcáil; bealach leis na mairbh a chomóradh nó a aithint. | 2 |
| | (d) | Dhá phointe forbartha<br>**3 marc le haghaidh gach pointe:** (2 + 1 roinnte idir sonraí íomhá agus trácht)<br><br><u>Ábhar táscach</u><br>- staidiúir: claonta / meáite síos<br>- dreach aghaidhe, béal agus súile: in ísle brí, sollúnta, brón<br>- coilm sna lámha: síochánta, ceanúil, siombail den anam, cion | 6 |
| 4. | (a) | Suíomh beacht - idir cnoc Aventine agus cnoc Phalaitíneacha. **2 mharc**.<br>*Bronn 1 mharc le haghaidh bailí ach mura bhfuil beacht; lár na Róimhe, in aice leis an gColasaem / fóram | 2 |
| | (b) | Ainm na gné i mBéarla nó i Laidin, e.g. suíocháin sraithe, *spina, oibiliscí, metae, pulvinar, carceres*, deilf/ubh, *euripus, cavea, áirsí* etc.<br>**4 x 1 mharc.** | 4 |
| | | Cuir Síos: **4+4+3+3 mharc.**<br>Bronn marcanna páirteacha má tá easnamh mór sa chur síos nó má tá sé an-bhunúsach. | 14 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | (a) | **1 mharc** le haghaidh gach duine chirt ó gach roinn**: 5 x 1 mharc.**<br><br>1: Oifigigh stáit – Impire, Seanadóirí, Giúistísí, Sagairt, Maighdeana Veisteacha<br>2: Paitrígh, Equitenna (ridirí), ceannaithe, daoine uaisle nach raibh sa rialtas<br>3: (Saibhir) Pleibigh<br>4: (Bocht) Pleibigh<br>5: Sclábhaithe, mná. | **5** |
| | (b) | **15 mharc,** i mbandaí**.**<br>Ba cheart go gcuimseodh an cur síos cuntas soiléir ar ghnéithe tábhachtacha maidir leis na gnéithe seo a leanas:<br>- an struchtúr<br>- na gníomhaíochtaí a rití ansin<br>- eispéireas an lucht féachana<br>- téarmaí ábhartha<br><br>**13-15:** Cur síos beacht, iomlán le neart sonraí, a ghabhann go soiléir eispéireas an lucht féachana. **Le haghaidh marcanna iomlán is gá tagairt don léargas de réir leagan amach na suíochán.**<br><br>**9-12**: Ábhar an-mhaith, curtha in iúl go cruinn agus go soiléir, easpa sonraí<br><br>**5-8**: Eolas bailí, curtha in iúl go réasúnta maith, sonraí cineálacha den chuid is mó<br><br>**1-4**: Eolas teoranta/ is beag nár cuireadh in iúl é, ráitis ghinearálta den chuid is mó | **15** |
| 6. | (a) | Fíodóireacht: **1 mharc.**<br>Ag faire thine Vesta: **1 mharc.** | **2** |
| | (b) | Plé gairid: **5 mharc.** (1-5 mharc bunaithe ar chaighdeán) Ábhar<br><br>Táscach<br>- tábhacht pholaitiúil agus chreidimh na Veastach agus Teampall Vesta<br>- Dualgas clainne na Gréagach, luach shuáilce na mná, tábhacht phraiticiúil na dteicstílí<br>- comhlíonadh róil maidir le stádas/clú agus cáil, léiriú maith ar a gcuid clann agus orthu féin. | **5** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (c) | Tuairim, míniú, fianaise. **13 mharc,** i mbandaí.<br>Ní gá plé go comhionann leis an mbeirt bhan.<br><br>**13:** Míniú ar a raibh i gceist le saol maith. Tuiscint ar ról na beirte ban atá taispeánta in íomhánna (Veastacha **agus** bean Ghréagach thipiciúil). Cothrom a léiríonn tuiscint iomlán ar noirm agus luachanna a sochaí. Tagairtí ábhartha, lena n-áirítear sonraí ábhartha, faoin saol laethúil do mhná sa tSean-Ghréig agus sa tSean-Róimh **araon**.<br><br>**11-12:** Míniú ar a raibh i gceist leis saol maith a chaitheamh agus an chuid is mó den mhéid thuas ann.<br><br>**8-10:** Tuairim ar an gcaoi a raibh an saol do mhná sa tSean-Ghreig agus sa tSean-Róimh le tagairtí do ghnéithe dá saol, ach plé níos mó ar an saol do mhná i gcoitinne. Tá an míniú agus an fhianaise neamhiomlán.<br><br>**5-7:** Roinnt tagairtí don dá cheann agus más cén chaoi gur chaith siad saol (maith). Easpa mínithe ná fianaise. Ráitis ilchineálacha agus sonraí teoranta den chuid is mó.<br>*Cuntas an-mhaith ar díreach ceann amháin<br>*ní phléitear saol mhná na Gréige agus na Róimhe ach le ráitis ghinearálta.<br><br>**1-4**: Bunúsach agus an-teoranta, tugtar samplaí neamhábhartha nó ní thugtar sampla ar bith. Tá an chuid is mó den eolas neamhchruinn. | **13** |
| 7. | (a) | Bainfidh an cuntas is fearr le hócáid a bhaineann leis an osnádúr (piseoga/tuair), a roghnaítear ó dheireadh an tsaoil, agus cuimseofar nasc leis an ráiteas.<br>**10 marc,** i mbandaí.<br><br>**10:** Cuntas maith ar ócáid ag deireadh an tsaoil **agus** piseoga/tuair, le naisc intuigthe ar a laghad leis an ráiteas.<br><br>**8-9:** Cuntas maith ar ócáid a bhaineann le piseoga/tuair, a nascann sonraí ábhartha le ráiteas.<br><br>**5-7:** Cuntas páirteach ach cruinn ar ócáid a bhaineann le piseoga/ tuair<br><br>**1-4:** Cuntas an-bhunúsach / míchruinn ar ócáid a bhaineann le piseoga/tuair<br>**NÓ**<br>Cuntas maith ar ócáid a bhaineann le paranóia/ amhras / rabhaidh. | **10** |
| | (b) | Dhá thréith carachtair: **2 x 1 mharc.**<br>Míniú ar gach tréith, agus é tacaithe ag fianaise don bheirt fhear.<br>**2 x 4 mharc** (2 Alexander + 2 Caesar)<br>i.e. Tréith 1 + fianaise don bheirt fhear (5 mharc),<br>Tréith 2 + fianaise don bheirt fhear (5 mharc). | **10** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 8 . | (a) | Anailís chiallmhar ar théacs A **nó** dán ar bith eile le haghaidh **12 mharc**, i mbandaí.<br>Tá cáilíocht na hanailíse agus béim ar an suíomh nádúrtha/tuaithe maidir le creidimh faoi shaol maith a chaitheamh mar shainghné de mharcanna iomlán<br><br>**11-12:** Anailís den scoth/ anailís chuimsitheach ar bhrí na filíochta, le tacaíocht do Théacs A nó dán(ta) eile. Tuiscint iomlán ar an nasc idir chreidimh an fhile maidir le saol maith a chaitheamh agus a ghrá don dúlra agus don saol faoin tuath.<br><br>**8-10:** Anailís mhaith/ pháirteach agus tagairtí cruinne úsáidte, tagairtí díreacha do shuíomh tuaithe/ nádúrtha, míniú maith idir an dúlra agus saol maith a chaitheamh, curtha in iúl go ciallmhar.<br><br>**5-7:** Anailís neamhiomlán le tagairtí doiléire agus gan mórán tagairtí díreacha do shuíomh tuaithe/ nádúrtha agus gaol le saol maith a chaitheamh.<br><br>**1-4:** Tagairt bhunúsach do shuíomh tuaithe/ nádúrtha i bhfilíocht Horáit i gcoitinne. | **12** |
| | (b) | Dhá phointe comparáide, **4 mharc** an ceann.<br>Léiriú soiléir ar thuairimí Horáit agus ráiteas ar a dtuairimí féin le tacaíocht ó fhorbairt / fianaise:<br>- tagairt do dhánta Horáit<br>agus/nó<br>- míniú ar a gcreidimh féin<br><br>i.e. 2 x (2 mharc um léiriú soiléir + 2 mharc le haghaidh forbartha / fianaise ) | **8** |
| 9. | (a) | Cainteoir: Creusa, **2 mharc**. An té a bhfuiltear ag labhairt leis: Aeinéas, **2 mharc**. | **4** |
| | (b) | Iniúchadh ciallmhar ar an dearcadh gur saothar bolscaireachta ar son Ágastais é an *Aeniad* agus dhá sampla mínithe ón sliocht ann.<br>**2 mharc** le haghaidh mínithe ar bholscaireacht ar son Agástais.<br>**1-7 marc** le haghaidh gach pointe, le sampla ón sliocht.<br>• **2 mharc** le haghaidh an phointe**, 2 mharc** le haghaidh an tsampla**, 3** mharc le haghaidh na hanailíse. | **16** |
| 10. | (a) | Achainí don bhé: **2 mharc**.<br>* glactar le in media res le haghaidh marcanna iomlána | **2** |
| | (b) | Tagairt le déanamh do dhá theicníc, ceann amháin ó gach téacs: **1-3 mharc** ar gach ceann.<br>Samplaí: tuar, in media res, ag cur ceisteanna, buafhocail, etc.<br>*Ní gá an téarma ceart don teicníc scéalaíochta a chur san áireamh le haghaidh marcanna iomlána. | **6** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | (c) | Míniú ciallmhar agus tagairt ann do théacs amháin: **12 mharc.**<br><br>**11-12:** Míniú iomlán. Dhá phointe forbartha ar a laghad a bhaineann le himeachtaí níos deireanaí san eipic a bhaineann leis na línte oscailte. Naisc chiallmhara le déanamh; míniú iomlán agus cruinn ar smaointe.<br><br>**8-10:** Dhá phointe ar a laghad maidir le himeachtaí níos deireanaí san eipic roghnaithe a bhaineann leis na línte oscailte. Tagairt do théacs curtha ar fáil chun tacú leis an tuairim a chuirtear i láthair. Naisc déanta, agus míniú páirteach tugtha.<br><br>**5-7:** Tagairt d'imeacht ábhartha níos deireanaí sa téacs, nasc leis an téacs tugtha agus mínithe go pointe áirithe.<br><br>**1-4:** Tagairt d'imeacht(aí), gan phlé le cruinneas na línte oscailte. Ní thagraítear do théacs A ná B. | **12** |

| ROINN B: | FREAGRAÍ FADA | 200 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 11a** **(40 marc)**

**(a)** Plé ar thábhacht shibhialta agus chreidimh Thragóid na Gréige agus athbhreithniú tomhaiste ar an dá réimse tábhachta agus tuairimí sonraí/anailís le fianaise mar bhunús leo.

| **Marcanna** | **11a Tuairisceoirí** |
|---|---|
| 36-40<br><br>Ar Fheabhas / Cuimsitheach | Léiríonn eolas cuimsitheach agus sonrach ar an ábhar.<br>Roghnaítear samplaí nó fianaise den scoth chun tacú le smaointe /tuairimí.<br>Tugtar aghaidh ar an gceist a chuirtear ar bhealach ciallmhar a bhfuil bunús tugtha leis.<br>Tá gach smaoineamh agus/nó pointe fiúntach agus ábhartha.<br>o Pléann sé sibhialta agus creideamh, cé nach dteastaíonn déileáil chomhionann. |
| 31-35<br><br>An-Mhaith / Iomlán | Léiríonn eolas maith ar an ábhar, ach níl sé go léir ábhartha.<br>Roghnaítear samplaí nó fianaise an-mhaith, ach d'fhéadfadh nach dtacófaí le smaointe /tuairimí.<br>Tugtar aghaidh ar an gceist a chuirtear, ach ní ar bhealach ciallmhar i gcónaí.<br>Tá an chuid is mó de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha.<br>o Pléann sé sibhialta agus creideamh, cé nach dteastaíonn déileáil chomhionann. |
| 21-30<br><br>Go Maith / Páirteach | Léiríonn eolas maith ar an ábhar, ach tá cuid de nach bhfuil ábhartha.<br>Roghnaítear foinsí maithe nó fianaise, ach is minic nach dtacaítear le tuairimí /smaointe.<br>Ní thugtar aghaidh ar bhealach ciallmhar le roinnt gnéithe den cheist.<br>Tá roinnt smaointe/ pointí fiúntach agus ábhartha.<br>o Pléann sé sibhialta agus creideamh, cé nach dteastaíonn déileáil chomhionann. |
| 11-20<br><br>Bunúsach | Léirítear roinnt eolais nó tuisceana ar an ábhar.<br>Ní roghnaítear mórán samplaí ná fianaise nó ní roghnaítear samplaí ná fianaise ar bith chun tacú le pointí / tuairimí.<br>Ní thugtar aghaidh ar an gcuid is mó den cheist nó ar ghnéithe ar bith, agus níl struchtúr ann.<br>Tá easpa aidhme agus ábharthachta ag baint le go leor smaointe/ pointí. |
| 1-10<br><br>An-bhunúsach | Easpa tuisceana ar an ábhar agus mí-ábhartha/ gan sonraí.<br>Gan samplaí ná fianaise chun tacú le pointí.<br>Easpa aidhme agus ábharthachta ag baint leis an gcuid is mó de smaointe/ pointí. |

**Ceist 11(b) – Ceist 16: Ceisteanna 80 marc ar stíl aiste**

Le haghaidh gach ceann de na ceisteanna seo ar stíl aiste úsáidtear scéim mharcála chomhchoiteann atá roinnte ina dá chuid:

- Forbairt ábhair ag teastáil chun an cheist a fhreagairt go hiomlán (60 marc)
- Cáilíocht fhoriomlán an fhreagra (20 marc)

NB: Ceisteanna fo-roinnte, mar Cheist 13 agus 16 sa scrúdpháipéar seo

- Ní mór go dtabharfaí aghaidh ar an gceist iomlán (cuid a agus b) san fhreagra chun níos mó ná trí haonad forbartha le cur san áireamh sna marcanna le haghaidh Fhorbairt Ábhair
- Ní mór go dtabharfaí aghaidh ar an gceist iomlán (cuid a agus b) ar an bhfreagra le go measfaí a Chaighdeán foriomlán mar bheith os cionn raon an Chaighdeáin Ísil.
- Is féidir ábhair a chuirtear san áireamh i ngach cuid a bhronnadh ar cheachtar cuid, áit is ábhartha, ach ar bhealach nach ndéantar é a chomhaireamh faoi dhó.

**Forbairt Ábhair (60 marc)**

- 15 mharc in aghaidh aonad forbartha
- Gnéithe d'aonad forbartha: déanann an t-iarrthóir **pointe** ábhartha, áirítear fianaise ábhartha chun tacú leis an bpointe (**eolas**/tuiscint) agus forbraítear an pointe (**anailís**/míniú breise/plé).
- Marcáiltear gach aonad forbartha bunaithe ar an leibhéal forbartha:
    - 14-15 le haghaidh pointe thar a bheith forbartha
    - 12-13 le haghaidh pointe dea-fhorbartha
    - 10-11 mharc le haghaidh pointe fhorbartha
    - 3-9 marc le haghaidh pointe bhunúsaigh
- Cuardaigh 4 aonad forbartha (P1, P2, P3, P4)

**Cáilíocht Fhoriomlán (20 marc)**

- Plé foriomlán leis an gceist **agus** tuiscint fhoriomlán ar ábhar gaolmhar

<u>16-20: Cáilíocht Ard</u>

- tá an anailís / meastóireacht ciallmhar, leagtha amach go maith, agus tacaithe le pointí ábhartha, cruinne agus éagsúla.

<u>11-15: Dea-Cháilíocht</u>

- dírítear ar an gceist san anailís. Tá na pointí leagtha amach go maith agus tacaithe ag fianaise ábhartha agus chruinn.

<u>1-10: Cáilíocht Íseal</u>

- plé teoranta leis an gceist. Iarracht pointí a dhéanamh, ach tá easpa fianaise/samplaí chun tacú leis na pointí a dhéantar; braitheann ar insint den chuid is mó.

Sampla de struchtúr aiste le ceithre hAonad Forbartha

| | | |
|---|---|---|
| Pointe /Alt | 1 | Déanann pointe, cuirtear fianaise san áireamh agus déantar forbairt. |
| Pointe /Alt | 2 | Cuirtear leis an bpointe roimhe trí fhianaise nua a chur san áireamh agus forbairt nua/ bhreise.<br>**NÓ**<br>Déanann pointe nua, cuirtear fianaise san áireamh agus déantar forbairt. |
| Pointe /Alt | 3 | Cuirtear leis an bpointe roimhe trí fhianaise nua a chur san áireamh agus forbairt nua/ bhreise.<br>**NÓ**<br>Déanann pointe nua, cuirtear fianaise san áireamh agus déantar forbairt. |
| Pointe /Alt | 4 | Cuirtear leis an bpointe roimhe trí fhianaise nua a chur san áireamh agus forbairt nua/ bhreise.<br>**NÓ**<br>Déanann pointe nua, cuirtear fianaise san áireamh agus déantar forbairt. |

| Marcanna Gráid | Tuairisceoirí gráid do mharcanna foriomlána a bronnadh ar Cheisteanna 11b-16 |
|---|---|
| 72-80<br><br>H1 | Léiríonn eolas cuimsitheach agus sonrach ar an ábhar.<br>Roghnaíonn fianaise den scoth chun tacú lena bpointí agus a bplé.<br>Tugtar aghaidh ar an gceist a chuirtear ar bhealach ciallmhar a bhfuil bunús tugtha leis.<br>Tá an chuid is mó de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha, agus léiríonn siad go léir smaointeoireacht an-chruthaitheach/ an-chriticiúil.<br>• Dhá Phointe thar a bheith-forbartha ar a laghad |
| 64-71<br><br>H2 | Léiríonn eolas an-mhaith ar an ábhar.<br>Roghnaíonn fianaise an-mhaith chun tacú lena bpointí agus a bplé.<br>Tugtar aghaidh ar an gceist, ach ní ar bhealach leanúnach ná ciallmhar i gcónaí.<br>Tá an chuid is mó de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha, agus léiríonn go leor acu smaointeoireacht chruthaitheach/chriticiúil.<br>• Pointí dea-fhorbartha den chuid is mó |
| 56-63<br><br>H3 | Léiríonn eolas maith ar an ábhar, ach tá cuid de nach bhfuil ábhartha.<br>Roghnaíonn fianaise mhaith, ach ní thacaíonn an fhianaise go léir lena gcuid pointí agus a bplé.<br>Ní thugtar aghaidh ar bhealach leanúnach ná ciallmhar ar roinnt gnéithe den cheist.<br>Tá an chuid is mó de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha, agus léiríonn go leor acu smaointeoireacht chruthaitheach/chriticiúil.<br>• Roinnt pointí dea-fhorbartha |
| 48-55<br><br>H4 | Léiríonn eolas maith ar an ábhar.<br>Roghnaíonn fianaise chun tacú le pointí ach tá an plé teoranta.<br>Ní thugtar aghaidh ar bhealach ciallmhar le roinnt gnéithe den cheist.<br>Tá an chuid is mó de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha, agus léiríonn roinnt smaointeoireachta cruthaithí/criticiúla. |
| 40-47<br><br>H5 | Léiríonn roinnt eolais ar an ábhar, ach sonraí neamhábhartha iad go leor acu.<br>Roghnaíonn fianaise lag nó neamhábhartha nach dtacaíonn go sásúil le pointí ná plé.<br>Ní thugtar aghaidh ar bhealach ciallmhar ar go leor gnéithe den cheist.<br>Tá an chuid is mó de na smaointe/ na pointí fiúntach agus ábhartha, agus léiríonn leibhéal bunúsach de smaointeoireacht chruthaitheach/chriticiúil. |
| 1-39<br><br>H6-8 | Léirítear eolas nó tuiscint theoranta ar an ábhar. Ní roghnaíonn mórán fianaise/fianaise ar bith chun tacú lena gcuid pointí agus a bplé.<br>Ní thugtar aghaidh ar an gcuid is mó de na gnéithe den cheist nó ar na gnéithe go léir, agus níl aon struchtúr ciallmhar air.<br>Tá easpa aidhme agus ábharthachta ag gabháil leis an gcuid is mó de na smaointe, agus léirítear leibhéal an-bhunúsach de smaointeoireacht chruthaitheach/chriticiúil ar a mhó. |